# GAELCHOLÁISTE REACHRANN

**Bóthar Mhainistir na Gráinsí**
**Domhnach Míde,**
**Baile Átha Cliath 13.**
Uimhir Rolla na Scoile: 76085N

# *Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile*

**Tréimhse mheastóireachta: 01/2014 go 03/2014**

**Dáta eisiúna na tuairisce: 18/03/2014**

# Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

## 1. Réamhrá

### 1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i nGaelcholáiste Reachrann le linn na tréimhse Eanáir 2014 go Márta 2014. Le linn na meastóireachta, rinneadh meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim sna hábhair uilig agus ar scoláirí sa dara agus sa chúigiú bhliain. Bhí an uimhearthacht mar fhócas na meastóireachta. Seo tuairisc ar thátail na meastóireachta sin.

### 1.2 Comhthéacs na scoile

Is scoil lán-Ghaeilge í Gaelcholáiste Reachrann faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna Áth Cliath agus Dhún Laoghaire. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2001 le 36 daltaí. Tá 338 daltaí ag freastal ar an scoil faoi láthair, 183 cailíní agus 155 buachaillí. Tagann na daltaí ó seacht mbunscoil lán-Ghaeilge.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an nGaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na ndaltaí agus pobail na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas an Béarla) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócáid scoile lasmuigh agus laistigh den scoil.

Leanann gach dalta cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus trí bliana sa tSraith Shinsearach agus tugann gach dalta faoin Idirbhliain sa cheathrú bliain. Cuirtear an-bhéim ar an teanga agus ar an gcultúr chomh maith le forbairt iomlán an dalta. Is iad meas a léiriú ar a chéile, féin-mheas agus féin-mhuinín bunchlocha na scoile.

Glacann na daltaí páirt ghníomhach i réimse leathan imeachtaí scoile; foirne peile, iománaíochta, sacair, cispheile, dráma bliantúil na hIdirbhliana, grúpa

ceoil traidisiúnta, cór na scoile, grúpa mím, comórtais scléip agus scoil drámaíochta, féile cheoil an BOOÁCDL, ceoil agus spóirt.

Cuireadh coiste le chéile le tabhairt faoin uimhearthacht ag an gcruinniú foirne ar an 22ú Eanáir, 2014. Tháinig an coiste le chéile (Príomhoide, múinteoir Matamaitice agus Béarla, múinteoir Eolaíochta agus Corp Oideachais, múinteoir Eolaíochta, múinteoir Matamaitice agus múinteoir Eacnamaíocht Bhaile) agus tógadh cinneadh ceistneoirí féinmheastóireachta scoile a chur ar;

- dhaltaí 2C agus 5A
- thuismitheoirí/ chaomhnóirí 2C agus 5A
- mhúinteoirí matamaitice
- mhúinteoirí ábhair.

Tógadh cinneadh freisin scrúduithe a chur ar dhaltaí 2C agus 5A le bunscileanna uimhearthachta a thomhas.

Chuaigh an coiste i mbun oibre ar na torthaí éagsúla, breathnaíodh ar na critéir mheastóireachta agus bhí plé oscailte ar na tátail faoi na trí théamaí; Torthaí foghlama, Eispéiris foghlama agus Cleachtas múinteoirí.

## 2. Na Tátail

### 2.1 Torthaí foghlama

#### 2.1.1 Torthaí Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh

Rinne gach roinn ábhar anailís ar scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh agus chonacthas gur éirigh go maith leis na daltaí – táimid os cionn an mheáin náisiúnta i bhformhór na n-ábhair.

**Torthaí Matamaitice na hArdteistiméireachta 2013**

| | GCR | Meán Náisiúnta |
|---|---|---|
| **Ard Leibhéal** | 28% | 26% |
| **Gnáth Leibhéal** | 66% | 63% |
| **Bonn Leibhéal** | 7% | 11% |

| Ard Leibhéal | GCR | Náisiúnta |
|---|---|---|
| **A** | 3% | 3% |
| **B** | 10% | 6% |
| **C** | 14% | 9% |
| **D** | 0% | 6% |
| **Teip** | 0% | 1% |

| Gnáth Leibhéal | GCR | Náisiúnta |
|---|---|---|
| **A** | 0% | 3% |
| **B** | 7% | 16% |
| **C** | 31% | 21% |
| **D** | 24% | 17% |
| **Teip** | 3% | 6% |

| Bonn Leibhéal | GCR | Náisiúnta |
|---|---|---|
| **A** | 0% | 1% |
| **B** | 3% | 3% |
| **C** | 3% | 4% |
| **D** | 0% | 2% |
| **Teip** | 0% | 1% |

**Torthaí Matamaitice an Teastais Shóisearaigh 2013**

| | GCR | Meán Náisiúnta |
|---|---|---|
| **Ard Leibhéal** | 57% | 51% |
| **Gnáth Leibhéal** | 43% | 42% |
| **Bonn Leibhéal** | 0% | 7% |

| Ard Leibhéal | GCR | Náisiúnta |
|---|---|---|
| **A** | 7% | 6% |
| **B** | 23% | 17% |
| **C** | 18% | 18% |
| **D** | 9% | 9% |
| **Teip** | 0% | 0% |

| Gnáth Leibhéal | GCR | Náisiúnta |
|---|---|---|
| **A** | 0% | 4% |
| **B** | 21% | 15% |
| **C** | 20% | 13% |
| **D** | 0% | 7% |
| **Teip** | 2% | 2% |

### 2.1.2 Measúnuithe Caighdeánacha – CAT's

De réir torthaí don réasúnaíocht cainníochtúil (ó tástálacha CAT's) a chuirtear ar dhaltaí na céad bliana, tá x% ós cionn an mheáin náisiúnta.

**Réasúnaíocht Cainníochtúil do na daltaí sa dara bhliain anois**

| % as foriomláin na bliana 2012/2013 | | Meán Náisiúnta (%) |
|---|---|---|
| 7% | 100% | 90-100 |
| 14% | 93% | 80-90 |
| 18% | 79% | 70-80 |
| 12% | 61% | 60-70 |
| 16% | 49% | 50-60 |
| 14% | 33% | 40-50 |
| 15% | 19% | 30-40 |
| 0% | 4% | 20-30 |
| 4% | 4% | 10-20 |
| 0% | 0% | 0-10 |

### 2.1.2 Tástáil ar Uimhearthacht

Cuireadh scrúdú comónta ar dhaltaí Bliain 2C agus 5A le bunscileanna uimhearthachta a thomhas.

**Torthaí an Scrúdú a rinne daltaí Bliain 2C agus Bliain 5A.**

| Toradh | Bliain 2 | Bliain 5 |
|---|---|---|
| **A** | 15% | 13% |
| **B** | 15% | 33% |
| **C** | 25% | 27% |
| **D** | 15% | 27% |
| **Teip** | 30% | 0% |

### 2.1.3 Úsáid an Áireamháin

Mar chuid den scrúdú comónta thuas iarradh ar dhaltaí ceist a fhreagairt le áireamháin.

Bliain 2: Fuair 30% an ceist bunaithe ar an áireamháin i gceart. Dúirt beagnach 100% acu go raibh siad ábalta áireamhán a úsáid.

Bliain 5: Fuair 40% an ceist bunaithe ar an áireamháin i gceart. Dúirt beagnach 100% go raibh siad ábalta áireamhán a úsáid.

## 2.2 Eispéiris foghlama

- Dúirt 61% de na daltaí i mbliain 5 nach maith leo an Mata i gcomparáid le 32% i mbliain 2.

- Dúirt 50% de na daltaí i mbliain 5 go bhfuil an Mata deacair / an-dheacair i gcomparáid le 17% i mbliain 2.

- Dúirt 17% de na daltaí i mbliain 5 go bhfuil an Mata éasca/an-éasca i gcomparáid le 32% i mbliain 2.

- Dúirt 67% de na daltaí i mbliain 5 go bhfuil obair i bpéire an-chabhrach agus 65% acu go bhfuil obair i ngrúpaí cabhrach.
  Dúirt 41% de na daltaí i mbliain 2 go bhfuil obair i bpéire an-chabhrach agus 48% acu go bhfuil obair i ngrúpaí cabhrach.

- Dúirt 89% de na daltaí i mbliain 5 gur chabhraigh am le ceisteanna a chur go mór lena bhfoghlaim i comparáid le 68% i mbliain 2.

- Dúirt 78% de na daltaí i mbliain 5 go raibh dul siar ar na bun-rialacha go rialta an-chabhrach dóibh.
  Dúirt 62% de na daltaí i mbliain 2 go raibh dul siar ar na bun-rialacha go rialta an-chabhrach dóibh.

- Dúirt 50% de na tuismitheoirí/caomhnóirí gur thaitin an Mata leo nó gur thaitin sé go mór leo agus iad ar scoil.

- Dúirt 64% de na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil siad ábalta cabhrú lena bpáistí agus iad ag déanamh an obair bhaile sa Mhata.

- Dúirt 4% de na tuismitheoirí/caomhnóirí go gcabhraíonn siad lena bpáistí an-mhinic. Dúirt 74% go gcabhraíonn siad leo anois agus arís.

## 2.3 Cleachtas múinteoirí

- Tá meascán mór tuairimí i measc na ndaltaí maidir le úsáid teicneolaíochta sa Mhata. Dúirt 59% de na daltaí i mbliain 5 nach ndéanann úsáid teicneolaíochta aon difríocht dóibh ach dúirt 67% de na daltaí i mbliain 2 go bhfuil sé an-chabhrach.

- Dúirt 75% de na múinteoirí go ndéanann siad obair i ngrúpaí anois agus arís. Níl duine ar bith acu a dhéanann go minic é.

- Dúirt 75% de na múinteoirí nach dtéann siad i dteagmháil lena chéile le cinntiú go bhfuil an modh céanna in úsáid acu le bun-oibreacha matamaiticiúla a dhéanamh.

- Luaigh na múinteoirí an tábhacht a bhaineann le cruinnithe rialta rannóige a reáchtáil.

## 3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo

**********

## 4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

### 4.1 Láidreachtaí

Tá láidreachtaí ag Gaelcholáiste Reachrann sna hachair seo a leanas:

- Tá formhór na ndaltaí ag gnóthú torthaí os cionn an mheáin náisiúnta sna scrúduithe stáit agus sna measúnuithe caighdeánacha.

- Tá cur chuige láidir foirne againn maidir le comhoibriú sna rannóga ábhar.

- Tá tuiscint maith ag na múinteoirí agus meon dearfach acu i leith modhanna múinteoireachta atá éifeachtach agus dea-chleachtais a chur chun cinn.

- Tá áiseanna maithe teicneolaíochta ar fáil sa scoil agus tá na múinteoirí oilte agus ardchaighdeán acu leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht.

- Tá tacaíocht láidir againn ó thuismitheoirí / chaomhnóirí na scoile.

- Tá daltaí na scoile dearfach, gníomhach agus tá dúil acu deiseanna a ghlacadh leis an bhforbairt phearsanta, cogneolaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.

## 4.2 Tosaíochtaí feabhsúcháin

Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin

- Feasacht agus cumas na ndaltaí maidir le scileanna foghlama, staidéar agus eagrúcháin a fhorbairt.

- Líon na ndaltaí a thugann faoi chúrsaí ardleibhéil sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht a mhéadú.

- Tacaíocht breise a chur ar fáil do na daltaí le riachtanais fhoghlama agus dóibh siúd nach bhfuil ag gnóthú torthaí ag/os cionn an mheáin náisiúnta.

- Forbairt ghairmiúil leanúnach a eagrú don fhoireann theagaisc ar modhanna múinteoireachta, ar scileanna foghlama agus uimhearthachta agus ar an bhfoghlaim chomhoibritheach.

- Stádas na matamaitice agus scileanna uimhearthachta na ndaltaí a láidriú le dearcadh níos dearfaí a chothú agus a fhorbairt.

## 4.3 Riachtanais reachtúla agus rialachais

Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus rialachais seo a leanas:

- Polasaí Measúnaithe